



**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 16 Eanáir 2025 (iarraidh ar réamhrialú ó
Landgericht Frankfurt am Main – an Ghearmáin) – NW, YS v Qatar Airways**

(Cás C-516/23 ⁽¹⁾, Qatar Airways)

(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar – Rialachán (AE) Uimh. 261/2004 – Airteagal 3(3) – Taisteal saor in aisce nó ar tháille laghdaithe nach bhfuil ar fáil go díreach nó go hindíreach don phobal – Paisinéirí nár íoc ach muirir agus cánacha aeriompair – Ticéad a chur in áirithe i gcomhthéacs feachtas cur chun cinn – Airteagal 8(1)(c) – Ceart chun athróidaithe ar dháta níos déanaí – Easpa ceanglais maidir le nasc ama idir an eitilt a cuireadh ar ceal agus an eitilt athróidaithe atá ag teastáil ón bpaisinéir)

(C/2025/1397)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Landgericht Frankfurt am Main

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóirí: NW, YS

Cosantóir: Qatar Airways

An chuid oibríochtúil

1. Maidir leis an gcéad rogha den chéad abairt d'Airteagal 3(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnaimh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitilt ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91, ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:
ní thaistealaíonn paisinéir saor in aisce, de réir bhrí na forála sin, i gcás nach raibh ar an bpaisinéir sin ach cánacha aeriompair agus muirir a íoc chun a áirithint a dhéanamh.
2. Maidir leis an dara rogha den chéad abairt d'Airteagal 3(3) de Rialachán Uimh. 261/2004 ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:
ní thaistealaíonn paisinéir ar tháille laghdaithe nach bhfuil ar fáil go díreach nó go hindíreach don phobal, de réir bhrí na forála sin, i gcás inar chuir an paisinéir sin a ticéad nó a ticéad in áirithe i gcomhthéacs feachtas cur chun cinn a bhí teoranta ó thaobh ama agus mhéid na dticéad a thairgtear agus a bhí dírithe ar chatagóir ghairmiúil shonraithe.
3. Maidir le hAirteagal 8(1)(c) de Rialachán Uimh. 261/2004, ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:
ní cheanglaítear leis, chun críocha a chur i bhfeidhm, go mbeidh nasc ama a bheith ann idir an eitilt a cuireadh ar ceal agus an eitilt athróidaithe atá ag teastáil ó phaisinéir, ós rud é go bhféadfar athródú den sórt sin chuig an gceann scríbe deiridh a iarraidh faoi choinníollacha iompair inchomparáide ar dháta níos déanaí, faoi réir suíocháin a bheith ar fáil.

⁽¹⁾ IO C, C/2023/126.